



“Athraíonn sé
saol an teaghlaigh,
d’athraigh sé saol ár leanbh...
Bíonn tú in ann a fheiceáil
go bhfuil dul chun cinn á
dhéanamh agat.”

Taithí de theaghlaigh áirithe ar Mheitheal

Téigh i
dteagmháil
le Tusla

“Tá [mo mhacsan]
níos socra ann féin anois.
Braithim gur éisteadh leis an
imní uile atá orm i mo cháilíocht
mar thuismitheoir agus gur cuireadh
muid san áireamh sna cinntí
uile a rinneadh.”

“Tá gach éinne ar
an bport céanna - níl gá
orm eolas a sheoladh ar aghaidh
d’éinne ... tugtar fáilte roimh na
páirtithe go léir agus bíonn an
t-eolas céanna acu
siúd go léir.”

Meitheal

Treoir do thuismitheoirí agus cúramóirí

Breiteacht
nó méala

Riachtanais
breise

Mí-iompair
dheacair

An bhfuil
cabhair uait maidir
le/leis... ?

An gcaidreamh
atá agat le do
leanbh

Fadhbanna
ar scoil

Bheith in
ísle brí

TUSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Plain
English
Approved by NALA

TUSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency



An bhfuil cabhair de dhíth ort?

Bileog eolais is é seo do thuismitheoirí agus cúramóirí maidir le plan tacaíochta de chuid Tusla darb ainm Meitheal. Is féidir tacaíocht a fháil duit féin agus do do theaghlach ó Mheitheal chun an cúnamh atá de dhíth oraibh a aimsiú.

De réir mar a deir an seanfhocal, déanann an t-oileán ar fad an leanbh a thógáil. Tá a fhios ag Tusla go bhfuil sé sin fós fíor sa lá atá inniu ann.

Tagann an t-ainm, Meitheal, ó Sheanfhocal Gaeilge lena ndéantar cur síos ar an tslí ina dtagann comharsana le chéile chun tacaíocht agus cúnamh praiticiúil a thabhairt dá chéile.

Is bealach chun obair le leanaí agus a dteaghlach chun a láidreachtaí agus a riachtanais a shainaithint agus chun freagairt orthu sin ar bhonn tráthúil.

Trí Mheitheal, tagann daoine agus seirbhísí le chéile atá ag iarraidh cuidiú le leanbh nó tuismitheoir na hathruithe gur mhian leo a chur i bhfeidhm ina saol, agus a bhfuil gá leo, a dhéanamh.

Is iad na cineálacha seirbhísí a bhféadfadh Meitheal baint a bheith acu leo ná scoileanna, seirbhís don aos óg, ionaid acmhainní teaghlacha agus seirbhísí liachta.



Cén fáth a mbeadh Meitheal ag teastáil ó mo theaghlach féin?

Más rud é go measann tú go bhfuil riachtanais bhreise de dhíth ar do leanbh nó más rud é go bhfuil sé ag tabhairt dúshlán ar rudaí atá deacair a réiteach, seans go mbeidh Meitheal in ann tú a chuidiú.

Samplaí de na dúshláin a d'fhéadfadh Meitheal cuidiú leat ina dtaca ná:

- Leanbh a bhfuil fadhbanna aige ar scoil
- Leanbh atá in ísle brí
- Nuair nach réitíonn tú go maith le do leanbh
- Fadhbanna teaghlacha
- Breoiteacht nó méala
- Mí-iompair dheacair
- An caidreamh le do leanbh

Seans go bhfuil tú ag fáil tacaíocht ó sheirbhísí eile roimhe seo ach go n-airíonn tú go bhfuil sé deacair déileáil leo go léir ag an aon uair amháin. Déanann Meitheal gach duine a bhailiú le chéile.



Conas a oibríonn Meitheal?

Ceapfar duine tacúil do do theaghlach ar a ngairtear cleachtóir tosaigh. Is féidir leat an té seo a roghnú tú féin.

Déanfaidh an cleachtóir tosaigh cúnamh a thabhairt duit agus do do leanbh chun na láidreachtaí agus na riachtanais atá ag do leanbh a shainaithint.

Den chéad chéim eile ina dhiaidh sin, réiteoidh an cleachtóir tosaigh agatsa cruinniú tacaíochta Meitheal agus sa chruinniú sin socróidh tú agus do leanbh plan.

Tabharfaidh gach aon duine tacaíocht duit chun an plan sin a chur i gcrích chun na hathruithe sin atá tú agus do leanbh ag iarraidh a chur i ngníomh ina shaol.

Tá sé ríthábhachtach go dtuigeann tú féin, do theaghlach agus do leanbh gach uile chuid den phlean.

Déanfaidh tú, do leanbh agus do theaghlach cinneadh ar an bhfad ama ar mhian libh go dtabharfar an tacaíocht seo ar fáil daoibh.